

RIALACHA NÓS IMEACHTA

CINNEADH Ó BHORD BAINISTÍOCHTA NA GNÍOMHAIREACHTA UM THACAÍOCHT DO BEREC (OIFIG BEREC)

an 10 Meán Fómhair 2019

lena leagtar síos rialacha inmheánacha maidir le srianta ar chearta áirithe na n-ábhar sonraí a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag Oifig BEREC

AN BORD BAINISTÍOCHTA.

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC) lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1211/2009 ⁽¹⁾, agus go sonrach Airteagal 36(4) de,

Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ⁽²⁾ (“an Rialachán”), agus go háirithe Airteagal 25 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Féadfaidh Oifig BEREC, i gcomhthéacs a feidhmiúcháin, fiosrúcháin riaracháin, imeachtaí réamharaíonachta, araíonachta agus fionraí a sheoladh, ar bhonn Iarscríbhinn IX ar Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile an Aontais Eorpaigh ⁽³⁾ agus i gcomhréir le Cinneadh MC/2012/3 ag Coiste Bainistíochta Oifig Chomhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Oifig BEREC) lena leagtar síos forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir le fiosrúcháin riaracháin agus nósanna imeachta araíonachta a sheoladh, rud a thugann le fios próiseáil faisnéise lena n-áirítear sonraí pearsanta.
- (2) Tá sé de dhualgas ar chomhaltaí foirne Oifig BEREC gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a d'fhéadfadh a bheith ann a thuairisciú, lena n-áirítear calaois nó éilliú, a dhéanfaidh dochar do leasanna an Aontais, nó d'iompar a bhaineann le dualgais ghairmiúla a chomhlíonadh, a bhféadfadh teip thromchúiseach a bheith orthu maidir le hoibleagáidí chomhaltaí foirne an Aontais. Rialaítear é seo le Cinneadh Uimh. MC/2018/11 ó Choiste Bainistíochta Oifig Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Oifig BEREC) lena leagtar síos treoirfínte maidir le sceithireacht Oifig BEREC.
- (3) Tá beartas leagtha amach ag Oifig BEREC chun cosc a chur ar agus chun déileáil go héifeachtach le cásanna iarbhrí nó féideartha ciaptha síceolaíochta nó gnéis san ionad oibre, mar a fhoráiltear le Cinneadh Uimh. MC/2016/15 ó Choiste Bainistíochta Oifig Chomhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Oifig BEREC) ar an bpolasaí maidir le dínit an duine a chosaint agus ciapadh síceolaíoch agus ciapadh gnéasach a chosc.
- (4) I gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí thuasluaite, bailíonn agus próiseálann Oifig BEREC faisnéis ábhartha agus roinnt catagóirí sonraí pearsanta, lena n-áirítear sonraí aitheantais duine nádúrtha, faisnéis teagmhála, róil agus tascanna gairmiúla, faisnéis faoi iompar agus feidhmíocht phríobháideach agus ghairmiúil, agus sonraí airgeadais. Feidhmíonn Oifig BEREC mar rialaitheoir sonraí.
- (5) Tá cosaintí leordhóthanacha i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a chosaint agus iad a chosc ó rochtain nó aistriú de thaisme nó neamhdhleathach, má stóráiltear iad i dtimpeallacht fhisiceach nó i dtimpeallacht leictreonach. Tar éis próiseála, coimeádtar na sonraí i gcomhréir le rialacha coinneála infheidhme Oifig BEREC, mar a shainítear iad i dtaifid chosanta sonraí bunaithe ar Airteagal 31 den Rialachán. Ag deireadh na tréimhse coinneála, scriostar an fhaisnéis a bhaineann le cásanna, lena n-áirítear sonraí pearsanta, déantar anaithnid é nó é a aistriú chuig na cartlanna stairiúla.
- (6) Laistigh den chomhthéacs seo, tá ceangal ar Oifig BEREC a hoibleagáid a chomhlíonadh maidir le faisnéis a sholáthar do na hábhair sonraí maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála thuasluaite agus cearta na ndaoine is ábhar do na sonraí, mar atá leagtha síos sa Rialachán, a urramú.

⁽¹⁾ IO L 321, 17.12.2018, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

⁽³⁾ Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 an 29 Feabhra 1968 ón gComhairle lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhíseach eile na gComhphobal Eorpach agus ag tionscnamh beart speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1).

- (7) D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach cearta na n-ábhar sonraí a réiteach de bhun an Rialacháin le riachtanais na ngníomhaíochtaí thuasluaite, agus cearta agus saoirsí bunúsacha na n-ábhar sonraí eile á n-urramú go hiomlán. Chuige sin, foráiltear le hAirteagal 25 den Rialachán, faoi choinníollacha dochta, go bhféadfar cur i bhfeidhm Airteagail 14 go 20, 35 agus 36, chomh maith le hAirteagal 4, a shrianadh a mhéid a chomhfhreagraíonn a fhorálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 20. Sa chás sin, is gá rialacha inmheánacha a ghlacadh faoina bhféadfaidh Oifig BEREC na cearta sin a shrianadh i gcomhréir leis an Airteagal céanna den Rialachán.
- (8) D'fhéadfadh sé sin a bheith go sonrath nuair a sholáthraítear faisnéis faoi phróiseáil sonraí pearsanta don duine is ábhar do na sonraí ag an gcéim réamh-mheasúnaithe fiosrúcháin riaracháin nó le linn an fhiosrúcháin féin, roimh dhíbhe an cháis nó ag céim réamhdhisciplíneach. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh faisnéis den sórt sin isteach go mór ar chumas Oifig BEREC an fiosrúcháin a dhéanamh ar bhealach éifeachtach, nuair a bhíonn baol ann, mar shampla, go scriosann an duine lena mbaineann fianaise nó go gcuireann sé isteach ar fhinnéithe féideartha sula gcuirtear faoi agallamh iad. Ina theannta sin, d'fhéadfadh go mbeadh ar Oifig BEREC a gcearta agus a saoirsí a chosaint chomh maith le cearta agus saoirsí daoine eile atá i gceist.
- (9) B'fhéidir go mbeadh sé riachtanach rúndacht finné nó sceithire a chosaint a d'iarr gan a bheith aitheanta. I gcás den sórt sin, féadfaidh Oifig BEREC a chinneadh rochtain ar chéannacht, ar ráitis agus ar shonraí pearsanta eile an sceithire agus daoine eile atá i gceist a shrianadh, d'fhonn a gcearta agus a saoirsí a chosaint.
- (10) D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach rúndacht ball foirne a chosaint a chuaigh i dteagmháil le comhairleoirí rúnda Oifig BEREC i gcomhthéacs nós imeachta ciaptha. I gcás den sórt sin, féadfaidh Oifig BEREC a chinneadh rochtain ar chéannacht, ar ráitis agus ar shonraí pearsanta eile an íospartaigh líomhnaithe, an chiapóra líomhnaithe agus dhaoine eile atá i gceist a shrianadh, d'fhonn a gcearta agus a saoirsí a chosaint.
- (11) Níor cheart go gcuirfeadh Oifig BEREC srianta i bhfeidhm ach amháin nuair a urramaíonn siad bunéirim na gcearta agus na saoirsí bunúsacha, agus go bhfuil siad fíor-riachtanach agus ina mbeart comhréireach i sochaí dhaonlathach. Ba cheart go dtabharfaidh Oifig BEREC údar maith leis na cúiseanna a bhaineann leis na srianta sin a mhíniú.
- (12) Bunaithe ar phrionsabal na cuntasachta, ba cheart d'Oifig BEREC taifead a choinneáil ar chur i bhfeidhm na srianta.
- (13) Cuireann Airteagal 25(6) den Rialachán oibleagáid ar an rialaitheoir na príomhchúiseanna ar a bhfuil cur i bhfeidhm an tsrianta bunaithe a chur in iúl do na hábhair sonraí agus a chur in iúl dóibh faoin gceart atá acu gearán a dhéanamh le MECS.
- (14) De bhun Airteagal 25(8) den Rialachán, féadfaidh Oifig BEREC soláthar faisnéise a chur siar, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú maidir leis na cúiseanna le srianadh a chur i bhfeidhm ar an ábhar sonraí dá gcuirfeadh sé sin éifeacht an tsriain ar ceal. Ba cheart go ndéanfaidh Oifig BEREC measúnú ar bhonn cás ar chás a dhéanamh cibé an gcuirfeadh cumarsáid faoin srianadh a éifeacht a chealú.
- (15) Ba cheart d'Oifig BEREC an srian a chur i leataobh a luaite is nach mbeidh feidhm ag na coinníollacha a thug údar leis an srian a thuilleadh, agus na coinníollacha sin a mheas ar bhonn rialta.
- (16) Chun cosaint dhomhain chearta agus shaoirsí na n-ábhar sonraí ráthú agus i gcomhréir le hAirteagal 44(1) den Rialachán, ba cheart OCS a chur ar an eolas in am trátha maidir le haon srianta atá á gcur i bhfeidhm agus ba cheart a fhíorú go bhfuiltear ag comhlíonadh an Chinnidh sin.
- (17) Tá cur i bhfeidhm na srianta thuasluaite gan dochar do chur i bhfeidhm féideartha fhorálacha Airteagal 16(5) agus 17(4) den Rialachán, a bhaineann, faoi seach, leis an gceart chun faisnéise nuair nach bhfuarthas sonraí ón ábhar sonraí, agus ceart rochtana an ábhair sonraí.
- (18) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ("MECS") an 27 Bealtaine 2019.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leagtar síos leis an gCinneadh seo rialacha a bhaineann leis na coinníollacha faoina bhféadfaidh Oifig BEREC cur i bhfeidhm Airteagail 14 go 20, Airteagal 35 agus Airteagal 36, chomh maith le hAirteagal 4 de, a shrianadh bunaithe ar Airteagal 25 den Rialachán.

Airteagal 2

Srianta

1. I gcomhréir le hAirteagal 25(1) den Rialachán, féadfaidh Oifig BEREC cur i bhfeidhm Airteagal 14 go hAirteagal 20, Airteagal 35 agus Airteagal 36, agus Airteagal 4 de, a shrianadh a mhéid a chomhfhreagraíonn a forálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 14 go 20, sna cúinsí a leanas:

- (a) le linn fiosrúchán riaracháin, imeachtaí réamharaíonachta, araíonachta agus fionraí a sheoladh, ar bhonn Iarscríbhinn IX ar Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir le Cinneadh MC/2012/3 ag Coiste Bainistíochta Oifig Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Oifig BEREC) lena leagtar síos forálacha cur chun feidhme ginearálta maidir le fiosrúcháin riaracháin agus nósanna imeachta araíonachta a sheoladh, rud a thugann le fios go ndéantar próiseáil faisnéise lena n-áirítear sonraí pearsanta. Féadfar srianta ábhartha a bheith bunaithe ar Airteagal 25(1) (c), (g), (h) den Rialachán;
 - (b) ag cinntiú go bhféadfadh baill foirne BEREC fíricí a thuairisciú go rúnda nuair a chreideann siad go bhfuil neamhrialtachtaí tromchúiseacha i gcomhréir le Cinneadh Uimh. MC/2018/11 ó Choiste Bainistíochta Oifig Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Oifig BEREC) lena leagtar síos treoirlínte maidir le sceithreacht Oifig BEREC. Féadfar srianta ábhartha a bhunú ar Airteagal 25(1) (h) den Rialachán;
 - (c) ag cinntiú go bhféadfadh baill foirne BEREC tuairisc rúnda a thabhairt do chomhairleoirí rúnda i gcomhthéacs nós imeachta ciaptha i gcomhréir le Cinneadh Uimh. MC/2016/15 ó Choiste Bainistíochta Oifig Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Oifig BEREC) ar an mbeartas maidir le dínit an duine a chosaint agus ciapadh síceolaíoch agus ciapadh gnéasach a chosc. Féadfar srianta ábhartha a bhunú ar Airteagal 25(1) (h) den Rialachán;
2. I measc na gcatagóirí sonraí tá sonraí aitheantais duine nádúrtha, faisnéis teagmhála, róil agus tascanna gairmiúla, faisnéis faoi iompar agus feidhmíocht phríobháideach agus ghairmiúil, agus sonraí airgeadais.
3. Urramóidh aon srian croílár na gcearta agus na saoirsí bunúsacha agus beidh sé riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach.
4. Déanfar tástáil riachtanais agus comhréireachta ar bhonn cás ar chás sula gcuirfeadh srianta i bhfeidhm. Beidh srianta ar an méid atá fíor-riachtanach chun na cuspóirí atá leagtha síos a bhaint amach agus na rioscaí do chearta agus do shaoirsí na n-ábhar sonraí á gcur san áireamh.
5. Déanfaidh Oifig BEREC taifead a chomhdú, chun críocha cuntasachta, ina ndéantar cur síos ar na cúiseanna atá leis na srianta a cuireadh i bhfeidhm, agus beidh feidhm ag na forais sin i measc na bhforas a liostaítear i mír 1 agus toradh na tástála riachtanais agus comhréireachta. Beidh na taifid sin mar chuid de chlár *ad hoc*, a chuirfeadh ar fáil ar iarratas chuig MECS. Cuirfeadh tuarascáil ar chur i bhfeidhm Airteagal 25 den Rialachán ar fáil go tréimhsiúil.

Airteagal 3

Rioscaí do chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí

Déantar tagairt do mheasúnú na rioscaí do chearta agus do shaoirsí na n-ábhar sonraí a bhféadfadh a gcuid sonraí pearsanta a bheith faoi réir srianta, mar aon lena dtréimhse choinneála, i dtaifead na ngníomhaíochtaí próiseála ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 31 den Rialachán agus, más infheidhme, i measúnuithe tionchair ábhartha ar chosaint sonraí bunaithe ar Airteagal 39 den Rialachán.

*Airteagal 4***Tréimhsí stórála agus cosaintí**

Cuirfidh Oifig BEREC cosaintí i bhfeidhm chun mí-úsáid nó rochtain neamhdhleathach nó aistriú sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith faoi réir srianta a chosc. Áireofar leis na coimircí sin bearta teicniúla agus eagraíochtúla agus beidh siad mionsonraithe, de réir mar is gá, i gcinntí, nósanna imeachta agus rialacha cur chun feidhme inmheánacha Oifig BEREC. Áireofar ar na coimircí:

- (a) sainmhíniú leordhóthanach ar ról, freagrachtaí agus céimeanna nós imeachta;
- (b) má tá sé infheidhme, timpeallacht leictreonach shlán a choisceann rochtain neamhdhleathach nó de thaisme ar shonraí leictreonacha chuig daoine neamhúdraithe;
- (c) stóráil agus próiseáil shábháilte doiciméad páipéarbhunaithe, más infheidhme.
- (d) faireachán cuí a dhéanamh ar shrianta agus athbhreithniú tréimhsiúil, a dhéanfar gach sé mhí ar a laghad. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh freisin nuair a athraíonn gnéithe riachtanacha an cháis atá i gceist. Déanfar na srianta a chur i leataobh a luaithe is nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na cúinsí a thug údar leo.

*Airteagal 5***Faisnéis agus athbhreithniú ag an Oifigeach Cosanta Sonraí**

1. Cuirfear OCS Oifig BEREC ar an eolas gan aon mhoill mhíchúí aon uair a shrianfar cearta na n-ábhar sonraí i gcomhréir leis an gCinneadh sin agus cuirfear rochtain ar an taifead ar fáil dóibh agus aon doiciméid is bun le gnéithe fíorasacha agus dlíthiúla.
2. Féadfaidh OCS de chuid Oifig BEREC a iarraidh go ndéanfar athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an tsrianta. Cuirfidh Oifig BEREC a OCS ar an eolas i scríbhinn faoi thoradh an athbhreithnithe iarrtha.
3. Déanfar rannpháirtíocht OCS de chuid Oifig BEREC i nós imeachta na srianta, lena n-áirítear malartuithe faisnéise, a dhóiciméadú san fhoirm chuí.

*Airteagal 6***Faisnéis d'ábhair sonraí maidir le srianta ar a gcearta**

1. Áireoidh Oifig BEREC, i bhfógraí cosanta sonraí a fhoilseofar ar a láithreán gréasáin, faisnéis ghinearálta do na hábhair sonraí a bhaineann le srianta féideartha chearta gach ábhair sonraí a thuairiscítear in Airteagal 2(1) den Chinneadh seo. Cumhdófar san fhaisnéis na cearta a fhéadfar a shrianadh, na cúiseanna leis sin agus an fad a d'fhéadfadh a bheith leis an srianadh.
2. Ina theannta sin, cuirfidh Oifig BEREC ábhair sonraí ar an eolas ina n-aonar maidir le srianta reatha nó amach anseo ar a gcearta gan moill mhíchúí agus i bhfoirm scríofa, mar a shonraítear a thuilleadh in Airteagail 7, 8 agus 9 den Chinneadh seo.

*Airteagal 7***An ceart chun faisnéise a bheith curtha ar fáil d'ábhair sonraí agus cumarsáid maidir le sárúithe sonraí**

1. I gcás ina gcuireann Oifig BEREC srian, go hiomlán nó go páirteach, ar a gcearta a luaitear in Airteagail 14 go 16 agus in Airteagal 35 den Rialachán, i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí a luaitear sa Chinneadh seo, cuirfear na hábhair sonraí ar an eolas faoi na príomhchúiseanna an t-iarratas ar shrianadh bunaithe, agus a gceart gearán a dhéanamh le MECS chomh maith le leigheas breithiúnach a lorg os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
2. Féadfaidh Oifig BEREC soláthar faisnéise a chur siar, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú maidir leis na cúiseanna atá leis an srian dá dtagraítear i mír 1 a fhad is a chuirfeadh sé éifeacht an tsriain ar ceal. Déanfar an measúnú sin ar bhonn cás ar chás.

*Airteagal 8***Ceart ar rochtain, ar cheartú, ar léirscríodh agus ar phróiseáil a shrianadh maidir le hábhair sonraí**

1. I gcás ina gcuireann Oifig BEREC, i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí a luaitear sa Chinneadh seo, ceart rochtana ar shonraí pearsanta, go hiomlán nó go páirteach, an ceart chun próiseáil a cheartú, a scríodh, agus a shrianadh, dá dtagraítear in Airteagal 17 go 20 faoi seach den Rialachán, cuirfidh sé in iúl don duine is ábhar do na sonraí, ina fhreagra ar a n-iarraidh, na príomhchúiseanna ar a bhfuil cur i bhfeidhm an tsrianta bunaithe, agus an fhéidearthacht gearán a dhéanamh le MECS nó leigheas breithiúnach a lorg os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
2. Féadfaidh Oifig BEREC soláthar faisnéise a chur siar, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú maidir leis na cúiseanna atá leis an srian dá dtagraítear i mír 1 dá gcuirfeadh sé éifeacht an tsriain ar ceal. Déanfar an measúnú sin ar bhonn cás ar chás.

*Airteagal 9***Rúndacht na cumarsáide leictreonaí**

1. Féadfaidh Oifig BEREC, faoi imthosca eisceachtúla, agus i gcomhréir le forálacha agus réasúnaíocht Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁴⁾, an ceart ar rúndacht na cumarsáide leictreonaí, dá dtagraítear in Airteagal 36 den Rialachán, a shrianadh. Sa chás seo, déanfaidh Oifig BEREC na himthosca, na forais, na rioscaí ábhartha agus na cosaintí gaolmhara a shonrú i rialacha sonracha inmheánacha.
2. I gcás ina gcuireann Oifig BEREC an ceart ar rúndacht cumarsáide leictreonaí i bhfeidhm, cuirfidh sí in iúl don ábhar sonraí, ina freagra ar a n-iarraidh, maidir leis na príomhchúiseanna ar a bhfuil cur i bhfeidhm an tsriain bunaithe, agus an fhéidearthacht gearán a thaisceadh le MECS nó le leigheas breithiúnach a lorg os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
3. Féadfaidh Oifig BEREC soláthar faisnéise a chur siar, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú maidir leis na cúiseanna atá leis an srian dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a fhad is a chuirfeadh sé éifeacht an tsriain ar ceal. Déanfar an measúnú sin ar bhonn cás ar chás.

*Airteagal 10***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Ríge, 10 Meán Fómhair 2019.

Do Ghníomhaireacht Tacaíochta BEREC
Jeremy GODFREY
Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

⁽⁴⁾ Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideacht a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37)